

## Machnamh ar Conair nó Slí an Chroí

### Conair Chroí

Míun nó Urnaí Machnaimh ar phlean turais Líonra Domhanda Urnaí an Phápa

**Lean “Bealach an Chroí”** Slí le bheith in ár n-aspail phaidreoireachta sa ghnáthshaol laethúil. *Naoi gcéim* dírithe ar ár gcion ar Chroí Naofa Íosa a neartú. *Clár oiliúna* ina dtugtar cuireadh dúinn seasamh in ár gcroí féin le mothúcháin is le dúil Chroí Íosa i leith an chine daonna agus aontú leis ina mhisin ón a Athair. Agus É ár nglaoch chun chairdeas agus d’ár n-aontú go domhain leis tuigimid dó, sna rudaí a chuireann gliondar air agus sna nithe gur ábhar peannaide dó ar an domhain seo againne. *Clár oiliúna* é seo a thugann orainn glacadh leis na dúshláin a chuireann an saol os comhair an cine daonna agus os comhair na hEaglaise. *Gach mí* cuireann an Pápa na dúshláin seo os ár gcomhair tríiad a chur i bhfocail ins na hIntinní míosúla. Cuidíonn “Conair nó Slí seo an Chroí” linn na dúshláin a aithint le súile Íosa agus le muid a shlógadh is a ghríosú chun paidir is chun gníomh faoi anáil an Spioraid. *Clár oiliúna* é seo gur aidhm dó muid a athrú ó bhun ár gcroí mar aspail urnaí is gnímh i misean taise Íosa. Moltar an tslí seo dóibhsean uile ar mian leo páirt a ghlacadh i Líonra Domhanda Paidreoireachta an Phápa (trí chúrsaí spioradálta agus cruinnithe nó comhráití, b’fhéidir, ar dheabhóid mhíosúil na Céad Aoine, naoi mí as a chéile srl.) bunaithe ar phríomhsmaointe an mhisin a thugtar go míosúil trí na hintinní urnaí. *Ná bíodh deifir ort*. Léigh an píosa Scrioptúir go mall réidh, agus glac d’am mar an gcéanna leis an Machnamh. *Stop nóiméad nó dhó* aon uair a bhuaileann smaoinemh thú, nó nuair a mhothaíonn tú corraí id chroí. Ina dhiaidh sin, abair paidir i do chroí istigh.

#### 1. I dtús báire bhí Grá

□

*Ghráigh mé thú le grá síoraí... (Irimia 31:3)*

*An ndéanann bean dearmad ar leanbh a chíche, an mbíonn deireadh lena grá do mhac a broinne? Agus dearmad dá ndéanfadh féin, ní dhéanfaidh mise dearmad ortsa go deo! ... (Íseáia, 49:15)*

*Seo é an grá – ní gur thugamarna grá do Dhia ach gur thug seisean grá dúinne agus gur sheol uaidh a Mhac ... (1 Eoin 4:15)*

*Roimh thúisú an domhain roghnaigh sé sinn i gCríost ... (Eifeasaigh 1:4)*

*Táim cinnte dearfa de nach bhféadfaidh dúil chruthaithe ar bith sinn a scaradh ó ghrá Dé atá in Íosa Críost ár dTiarna ... (Rómh 8:9)*

Is é an focal tosaigh, agus an ceann is buaine, sa saol seo againne ná grá síoraí an Athar. Seo é atá á rá aige linn go síoraí seasta agus seo a dhéanaimid amach i ngach a tharlaíonn dúinn ach súile a bheith againn chuige. Tá grá agam duit, grá gan teorainn. *Es su escencia, “Dios es amor”* (Juan 4:8), *no pueda no amarnos*. Is dá eisint é. “Is é Dia an Grá”(1 Eoin 4:8): Ní thig Leis gan sinn a ghráú, beag beann ar chúrsa ár saoil, cuma cá ndeachaigh muid ar strae, grá buan gan choinníoll. Is é sin is príonsabal agus bunús dár saol spioradálta. Is trína ghrá a chuirtear tús lenár saol, is tríd a chothaítear é agus glacfaidh an grá sin chuige féin sinn lá is

faide anonn. Má thugaimid aitheantas dá ghrá beidh deis againn an grá a chúiteamh leis. (*Doc 1*)

### **Ag dul níos doimhne sa scéal:**

*I dtús báire bhí grá. Céard is brí le grá a thabhairt agus grá a bheith ag duine eile duit?*

Cad a thuigimse leis an focal “grá”?

Glacaimis nóiméad ciúnais...

An bhfuil taithí againn ar ghrá thuistí, chairde, aon duine beo? Tá grá ann i dtús báire, tagann sé romhainn, thug grá beatha dúinn, fiú mura raibh sé foirfe. Tig liom cuimhneamh ar aghaidheanna dhaoine a thug grá dom agus a thugann grá dom inniu.

Deir Naomh Pól linn: “Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách; ní bhíonn éad air; ní dhéanann sé maíomh ná mórtas; ní bhíonn sé mímhúinte ná leithleasach, míchéadfach ná agrach. Ni háil leis an éagóir ach is aoibhinn leis an mhaith. Bíonn sé lán de fhadfhulaingt, lán de chreideamh, lán de dhóchas, agus lán d’fhoighne. Rachaidh an fháidheadóireacht ar ceal, rachaidh na dteangacha dá dtost, agus rachaidh an t-eolas ar neamhní, ach ní rachaidh aan grá i léig go deo.” (*1 Cor 13:4-8*)

Fiú murar féidir liom rian an ghrá seo a fheiceáil i mo shaol, tá rud amháin cinnte: thug agus tugann an Té is airde, gur foinse na beatha agus na cruinne é, foinse gach ar féidir a fheiceáil agus nach féidir, tugann Sé grá síoraí dúinn, agus tabharfaidh. Deir Dia liom:

*“Féach , tá tú greanta ar bhosa mo lámh agam. (Íseáia, 49:15)*

Tugann Sé grá dom, ní ar bhealach ginearálta ach go pearsanta. Thug Sé a bheatha féin ar mo shonsa, go pointe an bháis, le go bhféadfadh gach duine againn airde, leithead is doimhneacht a ghrá do gach aon duine againn a aithint.

Tá a ghrá chomh ollmhór sin nach bhféadfadh na haigéin é a chuimsiú, ná na habhainn é a mhúchadh. Ni thig le haon duine an grá a aistriú go teanga eile, ná é a chur in iúl le scríbhneoireacht dá áille. Caitear é a bhraith. Is titim i ngrá atá ann. Tig linn na húrscéalta rómánsacha go léir a léamh, agus an scannáin rómánsúla a fheiceáil ach is domhain eile é titim i ngrá.

Le bás is aiséirí Íosa Chríost d’eascair domhain nua dá thoradh. *“Taispeánann an t-aiséirí dúinn nach isteach i bpóirse ná i gclós caoch a thugann bealach an chroí sinn, an bealach sin a shiúil Íosa gan cheist, gan teorainn amach chuig iomlán na beatha. Bealach an ghrá is bealach na beatha é chomh maith.”* sin a deir an t-údar Francach an t-Ath, Louis Evely. In Íosa Críost tá a fhios againn gur ann don ghrá agus go dtugtar grá gan teorainn dúinn. Deir Naomh Eoin linn sa chéad litir aige: *“Uaidh seo a aithnímid an grá, mar gur thug seisean a anam ar ár son.” (1 Eoin 3:16).* Sé an grá an tSlí, an fhírinne agus an bheatha. Nuair a aithnímid an grá seo in ár saol líontar le buíochas sinn agus gabhaimid an buíochas in le Dia, údar gach uile mhaith.

**Cleachtadh - BUÍOCHAS.** Tugaim faoi deara gach áit ar lonraigh solas i mo chroí, aon ní go mba oscailt súl dom, a lig an solas isteach, aon rud a chuireann bíogadh ionam chun maireachtáil ag leibhéil níos doimhne, (gothaí nó comharthaí ó dhuine, meangadh, focal,

casadh le duine, nó eachtra, srl) Tá sé tábhachtach an cleachtadh a bheith againn an bheatha a thabhairt faoi deara i ngnáth imeachtaí an tsaoil. Tugann an cleachtadh sin orainn an Té is údair le beatha de gach cineáil a aithint. Tá a fhios seo againn: ní ag déanamh gleo ná callán a bhíonn an bheatha ná an grá. Sin an chúis go bhfuil an oiread deacracht againn láithreach an Tiarna a aithint in ár saol. An té a thugann grá, sin an té a aithníonn an céile ionúin. Tig liom cuimhneamh ar aghaidheanna dhaoine a thug grá dom agus a thugann grá dom inniu. Dá mhéid a ghabhaim buíochas sea is mó údair buíochais a nochtar dom.

## 2. An croí daonna, corrach agus dealbh

*A Dhia, mo Dhia thú, is tú a iarraim, tá iata tharta ar m'anam chugat... amhail talamh tur tirim gan uisce. (Salm 63:2).*

*As na duibheagáin a ghlaom ort, a Thiarna; éist,, a Tiarna, le mo ghuí, (Salm 130:1)*

*Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, Óir is leo Ríocht na bhflaitheas. (Maitiú 5:3)*

*Cén áit a ndeachaigh tú i bhfolach orm, a thaisce, gur fhág tú me ag ologón?... (Caintic, Naomh Eoin na Croise)*

*Duit féin a rinne tú muid, a Thiarna, agus tá ár gcroí míshocair go dtí go mbíonn sí go socair ionatsa. (Mise Agaistín)*

Tá muid ag tnúth leis an sonas agus á lorg ar an iliomad bealach. Thug Dia an cumas dúinn grá a thabhairt agus a bheith fial flaithiúil in ár saol. Ach ró-mhinic airimid bocht agus cailte ag ualach ár bhfrustrachais as gan a bheith in ann ár mianta doimhne a chomhlíonadh, ár géarchéim pearsanta a shárú agus teacht ar shíocháin croí. Conair chreidimh, urnaí agus bheatha do lucht a gcuardaithe, dóibhsean i ngátar spioradálta agus dóibhsean uile ar mian leo Íosa Críost a ghlacadh isteach ina gcroí - sin í an chonair atá á moladh anseo. Is é an bealach dóibhsean atá umhal ó chroí, le nach mbeidh laige a gcroí ina chonstaic orthu nó, ba chirt a rá, é a bheith mar an tsócmhainn nó an bua is mó faoi choinne na teagmhála le Dia atá báuil leis na boicht. (Doc 1).

### Ag dul níos doimhne sa scéal:

Tá dúil againn go léir grá a thabhairt is a fháil, ach níos minicí ná a mhalairt bíonn sé seo an deacair, lán de mhothúcháin éagsúla agus míthuiscintí. Seo mar a deir Naomh Pól le Críostaithe na Róimhe: “*go deimhin ní thuigim mo chuid iompar féin, mar ní hé an ní is áil liom a dhéanam, ach an ní is fuath liom, is é a bhíonn ar siúl agam.*” Tá cleachtadh againn ar fad air seo. Cé gur mian linn grá a thabhairt is bheith i dtiúin le daoine eile, cuma an dúil atá againn i séan agus sonas, féach chomh minic is a ligeann muid dúinn féin dul ar bhóithre ár n-aimhleasa. Féach chomh minic a ghortaíonn daoine eile agus a mhilleann an saol orainn féin. In áit muid a stiúradh i dtreo sláinte na beatha, féach cé na smaointe, briathra nó gothaí a mhúch an bheatha ionainn? Tig le séanadh an ghrá a bheith iontach láidir, tig leis muid a dhúnadh isteach orainn féin, go leithliseach, lán de ghráin, de uabhar, den beag is fiú agus muid a ghearradh amach ó Dhia féin. Tig leis an dúnadh seo a bheith marfach, ina ifreann beo. Seo mar a deir leabhar Deotranaimí: “*Chuir mé romhat bás nó beatha, beannacht nó mallacht. Roghnaigh an bheatha, dá bhrí sin, i dtreo go mairfidh tú féin is do shliocht i ngrá an Tiarna do Dhia, ag géilleadh dá ghlór is ág cloí leis.*” (Deotranaimí 30, 19-20) Is ionann Críost agus rogha ar son na bheatha .

Ní fhéachann Dia ar ár bpeaca ach ár gcroí, ar ár ngrá, ar ár ndúil filleadh air, mar a insíonn Íosa dúinn i bparabal athair an mhíc dhrabhlásaigh (Lúcás 15). Is tábhachtaí do Íosa an creideamh atá againn ná comhlíonadh an dlí: *“Trócaire is áil liom ní íobairt. Ni hiad na fíréin ach na peacaigh tháinig mé a ghlaoch.”* (Maitiú 9:13). Seo díreach a rud a dúirt Isaac an Siriach (nó Isaac ó Nineveh), a 7ú aois: *“An mbeidh Dia in ann na rudaí a ghoilleann orm a mhaitheamh dom, na nithe a chiapann mo chuimhne mé dá mbarr? ...Ná bíodh aon amhras ort faoi do shlánú...Tá A thrócaire níos leithne ná mar a thig leat a shamhlú, A ghrásta níos mó ná mar a bheadh sé de mhisneach agat a lorg Uaidh. Tá Dia i gcónaí ar lorg an chuid is lú den aithrí sa duine ar lig Sé dó cuid éigin den ceart is cóir a ghoid is é ag streachailt in aghaidh an ainmhian agus an pheaca.”*(Aitheasc , n°40.) *“Níl teorainn le trócaire Dé”,* a deir an Pápa Proinsias. *“I mbás agus in aiséirí Íosa Críost léiríonn Dia a ghrá agus an cumhacht atá ag an ngrá sin aige gach peaca ar domhain a scrios. Trí rúndiamhair na Cásca agus idirghabháil na hEaglaise is féidir ligín do Dhia an athmhuintearas Leis a chothú ionainn. Tá Dia i gcónaí réidh le muid a mhaitheamh, is ní éiríonn thuirseach riamh de muid a mhaitheamh i mbealaigh atá nua agus a bhaineann geit asainn.”* (Misericordiae Vultus, n°22)

### **Cleachtadh Urnaí: SOLAS AGUS PÁRDUN.**

Faoi sholas ghrá an Tiarna, féachaim ar gach a dhúnann isteach ionam féin mé, ar gach a chuireann brón is díomá orm, a fhágann tur tirim mé, a scoilteann mó chroí, ar gach ar diúltú é don ghrá atá ionam. Ní liostáil peacaí ná binse fiosraithe féin chriticiúil atá anseo. Is breathnóireacht léir simplí atá i gceist, gan féin bhreithiúnas, ar a ndúnann isteach ionam féin mé, ar mo pheaca. Seo, le hionaid na choimhlintí spioradálta a thabhairt faoi deara. Seo na hionaid a nglaoonn Dia orm a dhul chun cinn le mé a chasadh tuilleadh i dtreo na beatha. Tig liom pardún a iarraidh is glacadh len A thrócaire.

*Is ceansa an Tiarna agus is cóir; is trócaireach é ár nDia.*

*Caomhnaíonn sé an dream gan cealg; bhí mé ar lár is shaor sé mé.*

*Glac do shuaimhneas arís, a anam liom, mar roinn an Tiarna go maith leat.*

*Óir sciob se m'anam ón mbás, mo shúile ó dheora agus mo chosa ó thuisliú.*

*Beidh mé ag siúl i láthair an Tiarna i bhfearann na mbeo. (Salm 116: 5-9)*

### **3. I saol meata**

*“Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go sármhaith”* (Gein. 1:31)

*“Mar rinne mo phobalsa coir dhúbailte: thréig siad mise, foinse an uisce bheo, agus thochail siad dabhcha dóibh féin, dabhcha pollta nach gcoinníonn uisce”.* (Irimia 2:13)

*“Tuisleofar ó fharraige go farraige; seachránófar ón tuaisceart soir, ag lorg briathar an Tiarna agus gan teacht air.* (Amos 8;12)

*“Múscail! Cad é an codladh sin ort, a Thiarna? Bí i do dhúiseacht! Ná diúltaigh dúinn de shíor!*

*Cén fáth a gceileann tú do ghnúis orainn agus nach cuimhin leat ár n-ainnise is ár n-ansmacht?”*

(Salm 44; 23-24)

*“Chun a chuid féin a tháinig agus níor ghlac a mhuintir é.”*

(Eoin 1,11)

Machnaímid ar áilleachta an domhain agus ar mhórghníomhartha an chine daonna i dtréimhse na staire le barr measa. Ach tá an saol seo gonta ag contrárachtaí pianmhara a tharraingíonn bás agus fulaingt. Is minic a phlúchtar idir bheatha agus ghrá trí fhoréigean agus leithleachas. Tá an lag is an duine soghonta brúite faoi chois ag buataisí an tréan. Ídítear acmhainní an nádúir. Tá barraíocht brón is uaigneas ann. Ach san achainí ar son na síochána agus an chirt cloisimid guth an Athar ár nglaoch ar ais chuige. Tá conairí an Tiarna tréigthe againn maille lena phelean don chine daonna. *(Doc 1).*

### **Ag dul níos doimhne sa scéal:**

Is iomaí dúshlán atá os comhair an domhain: dúshlán eacnamaíochta, bagairtí aeráide agus sóisialta, bunchreidmheachais reiligiúnda agus go leor eile. Nuair a dhéantar iarracht dul i ngleic leis na dúshlán sin, is minic gur le neamhshuim é in áit an dóchais. San iarthar, bíonn daoine dúghafa le deireadh an domhain, lena saol féin. Ní gá ach cuimhneamh ar na scannáin go léir a léiríonn an dúspéis seo i ndeireadh an domhain agus a thaispeánann eagla roimh dhul chun cinn san eolaíocht, sa róbataic agus san intleacht shaorga. (*“Terminator”, “The Matrix”*); sa bhiteicneolaíocht nó i víris agus sóiteáin (*“Twelve Monkeys”, “Doomsday”, “World War Z”, “Contagion”, “The Son of Man”, “Prometheus”*), i ndreigítí nó caora tintrí (*“Armageddon”, “Deep Impact”,*) nó i neacha eachtardhomhanda atá réidh leis an gcine daonna a scriosadh (*“The War of the Worlds”, “Edge of Tomorrow”, “Oblivion”, “Annihilation”*); gan scannáin a áireamh atá suite i ndiaidh mórthubaiste domhanda (*“Divergent”, “Hunger Games”*). Cuirtear deireadh an domhain inár láthair beagnach i gcónaí mar dhíothú nach mór nó mar scriosadh an chine dhaonna. Is dóichí inniu go dtarlóidh deireadh an domhain de bharr an téimh dhomhanda (*“The Day after Tomorrow”, “2012”*). Deirtear go dtarlóidh uair na cinniúna san athrú domhanda seo nuair a bheidh na torthaí do-athraithe ag glúin nó dhó de dhaoine. B’fhéidir nach ionann na torthaí nuair a fhéachtar orthu le dearcadh cultúrtha nó le dearcadh reiligiúnda, ach beidh tionchar acu ar an gcine daonna go léir. Is cúis inní do gach duine dinn an dúshlán a bhaineann le staid *“Ár mBaile Coiteann”* (fotheideal Laudato si.)

Cé nach go follasach é, is ann don dóchas ar an domhan. Tá fir agus mná fial ina ndlúthpháirtíocht le chéile; tuar solais is ea iad i bhfad ó cheamaraí teilifíse agus ó agallaimh. Tá aithne againn ar fad ar dhaoine mar sin, go háirithe i rith na ráige seo den víreas Covid.

I réimse an Ghrá atá plean Dé don chine daonna, ‘aisling lán de ghrá’ “ó chruthú an domhain i leith”. Ní hé amháin gur saolaíodh an cine daonna leis na cianta i Spiorad an Tiarna ach chomh maith leis sin, mar a deir Naomh Pól go raibh an chruthaíocht go léir le chéile go dtí anois *“ag cneadach le tinneas mar a bheadh sí ar a leaba luí seoil”* agus sinne freisin agus *“sinn ag feitheamh go ndéanfar clann Dé dinn”* (Rómhánaigh 8: 22-24). Táimid páirteach san obair seo ag breith na staire, stair a dhéanann an cine daonna a chlaohlú agus ní amháin sin ach an chruinne iomlán chomh maith.

Leis an Aiséirí ní féidir le haon rud grá Dé a léiríodh in Íosa Críost a chos! Nochtann an Grá seo, atá íogair agus leochaileach ach ar láidre é fiú ná an bás féin, todhchaí nua don chine daonna. Trína Spiorad, arb é an grá é, gineann sé muid sa bheatha nua seo agus déanann sé

muid in A chosúlacht féin. Ní thuigfidh an grá é féin ach trí fhéachaint ar Íosa agus éisteacht leis, ag leanúint a shlí go dtí an deireadh. Cuirimis ár muinín Ann.

**Cleachtadh. Machnamh ar an domhan.** Sna Cleachtaí Spioradálta, taispeánann Naomh Iognáid Loyola Dia mar neach a dhéanann machnamh ar an domhan: mar a *“bhreathnaigh na trí Phearsa Dhiaga go grinn ar dhromchla nó ar chúrsa iomlán an domhain, lán de dhaoine; agus mar a chinn siad ina síoraíocht, ó bhí na daoine ar fad ag dul síos go hifreann, go ndéanfaí duine daonna den Dara Pearsa, chun an cine daonna a shlánú. Agus mar sin, in am agus i dtráth, chuir siad an t-aingeal Gaibriél chuig Muire”* (C. S uimh. 102).

*“Agus rinneadh feoil den Bhriathar agus chónaigh Sé inár measc”* (N. Eoin 1:14). Tugtar cuireadh dúinne freisin, machnamh a dheanamh ar ár ndomhan, ar na dúshlán atá roimhe, ar a aoibhneas agus a fhulaingt, a eagla agus a dhóchas, agus é a thabhairt isteach inár bpaidreacha.

#### 4...Cuireann an tAthair a Mhac uaidh le slánú a dhéanamh

*“Féach an nuacht atá á cur i gcrích agam, tá sí ag gobadh amach, nach léir daoibh é?”* (Íseáia 43:19).

*“Chonaic mé an cruatan atá ar mo phobal san Éigipt agus chuala mé a screadail de bharr a saoiatí saothair; is eol dom a bpianta” ..* (Eax 3: 7-8)

*“Is mise a mhúin siúl d’Eafraim, thógainn suas i mo bhaclainn iad... Bhinn á dtarraingt chugam féin le sraonta daonna. Le téada grá chun iad a mhuirniú” ..* (Hóisé 11: 3-4)

*“Bhí Dia i gCríost ag tabhairt an domhain chun athmhuintearais leis féin, gan cionta na ndaoine a agairt orthu”.* (2 Corantaigh 5:19)

*“Tagann an Spiorad i gcabhair orainn inár laige”*, (Rómhánaigh 8:26)

*“Ghráigh Dia an domhan chomh mór sin gur thug sé a Aonghín Mhic uaidh”.* (Eoin 3:16)

*“Tháinig Mac an Duine chun an rud a bhí caillte a lorg agus a shlánú”.* (Lúcás 19:10)

Nílimidne tréigthe ag an Athair sa saol meata, briste seo. Tá a ghrá dúinn luaite go minic aige, agus ar bhealaigh éagsúla, trí na fáithe, agus anois, sna saolta deireanacha seo labhair Sé linn trína Mhac ina dhuine, Íosa, an Críost (cf Eabhraigh 1:1). Ann, chuaigh an Athair i bpáirt linn in ár stair féin leis an chruthaíocht a athnuachan agus leigheas a thabhairt d’ár ndaonnacht ghonta. Ann, a thug a bheatha ar ár son agus a thóg an Athair ón mbás, tá ár gcoireanna maite. Ina theannta-san cuirtear ar ár súile dúinn Spiorad Dé ag feidhmiú sa saol, ag giniúint rud úr, fiú i measc léin agus deacrachtaí.

#### Ag dul níos doimhne sa scéal:

Cuireann an Bíobla na cúnaight nó ‘*margai*’ Éagsúla Dé leis an gcine daonna in ár láthair, le Naoi, le Abraham, agus i ndeireadh báire an Cúnaint Nua le Íosa Críost. Nochtann briathra an scriptiúir Dia dúinn, Dia a bhfuil uaidh cumann a nascadh leis an gcine daonna, cumann atá chomh láidir is chomh muirneach leis an gcumann idir céilí pósta. Taispeánann fáithe mar Ezekiel agus Hóisé Dia dúinn mar leannán tréigthe ag a ghrá geal, Dia a théann á ceartú, fiú sa bhfiántas, len é féin a cheangal léi go buan. Tá Dia ag feitheamh linn, sin a chanann Laoi na Laoithe. Ó thús go deireadh is scéal grá atá i stair iomlán an chine daonna, scéal pósta Dia leis an gcine daonna.

Nochtar an grá seo go hiomlán in Íosa Críost. Seo mar a chuireann Eoin Soiscéalaí i gcuimhne dúinn é: *“Mar seo a foilsíodh grá Dé in ár measc gur sheol sé a aon-Mhac sa saol le go mairimis-ne trídsean. Seo é an grá – ní gur thugamar-na grá do Dhia ach gur thug seisean grá dúinn agus gur sheol sé uaidh a Mhac. (1 Eoin 4: 9-10)..*

Nochtann Íosa ghnúis fhírinneach an ghrá.

Nuair a amharcaimid is nuair a éistimid le hÍosa sa Soiscéal is é an grá a fheicimid is a chloisimid. Ghlac an grá colainn daonna in Íosa Críost. Mar a deireann naomh Eoin Soiscéalaí: *“An ní a bhí ó thúis, an ní a chualamar, an ní a chonaiceamar lean ár súile féin, an ní a leagamar súil air agus lámh, mar ata Briathar na Beatha..” (1Eoin 1:1)Is e an grá é. Seo taithí saoil na céad deisceabail a lean Íosa!*

*“Agus is feasach dúinn agus creidimid an grá atá ag Dia dúinn. (1 Eoin 4:16).*

Rianta Íosa ar an domhain seo, a bhriathra agus a ghníomhartha, nochtann siad airde, leithead agus doimhneas an Té sin is foinse na beatha. Deimhníonn an aiséirí gurb é *an tslí, an fhírinne agus an bheatha* (Eoin 14:6) Is é an Grá, mar a mhair seisean é, is é neart an aiséirí é. Ní hamháin go gclaochlaíonn an grá seo anduine daonna go doimhneas a chroí ach claochlaíonn sean cruinne go hiomlán. **TÁ GNÚIS AG AN nGRÁ.** Is duine áirithe é. Is é Íosa Críost Grá Dé i gcolainn daonna.

Cleachtadh Urnaí.

Céard uaidh a tháinig Íosa le mé a shábháil? Céard is brí, go praiticiúil le rá gurb é mo Slánaitheoir é?

### **5...Tugann Sé a chairde orainn**

*Ná bíodh eagla ort, óir tá tú fuascailte agam; ghlaoigh mé ort i d’ainm, agus is liomsa thú ...mar is luachmhar thú i mo shúile, is mór liom thú agus is mór é mo chion ort. (Íseáia 43: 1 agus 4)*

*Chuaigh sé an sliabh suas agus ghlaoigh sé chuige iad seo ab áil leis féin. Tháinig siad chuige, agus cheap sé dáréag mar chompánaigh aige féin agus chun go gcuirfeadh sé uaidh iad ag seanmóir an deáscéal, (Marcas 3,13-14)*

*Ní seirbhísigh a thugaim oraibh feasta, mar ní heol do sheirbhíseach gnó a mháistir. Ach thug mé cairde oraibh, óir gach a gcuala ó m’Athair, chuir mé in iúl daoibh é. (Eoin 15,15) D’iompaigh Peadar agus chonaic sé á leanuint an deisceabal ar thug Íosa grá dó, an té a luigh ar a ucht ag an suipéar..(Eoin 21,20)*

*"Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil." (Maitiú 28,20) Is féidir le hÍosa na daoine a thagann chun Dé tríd a shlánú go hiomlán de bhrí go maireann sé de shíor chun idirghuí a dhéanamh ar a son. (Eabhraigh 7,25)*

*An té ar mian leis a bheith i mo theannta, ní mór do a bheith sásta lena a gcaithfidh mé féin, mar bhia, mar dheoch, mar éadach. Mar a chéile, ní mór dó a bheith ag saothrú mar aon liom de lá is ag faire istoíche...( Cleachaí Spioradálta Naomh Iognáid Loyola, uimh 93)*

Tugann Íosa Críost a chairde orainn agus tugann Sé cuireadh dhúinn cúnant dlúth grá a cheangal leis. Tá sé beo, i gcónaí reidh le idirghuí a dhéanamh ar ár son, Dár mealadh go gníomhach is go díograiseach chuige féin, mar is ionmhain leis sinn. Tabharfaidh cairdeas le Críost orainn an saol a fheiceáil lena shúilesean. Beimid ar aon intinn leis cibé acu faoi lúcháir nó ag fulaingt Dó agus déanfaimid ár saol agus saothar a thairiscint Dó ar mhaithe lenár ndeirfiúracha agus len ár deartháireacha. Tá sé iinn i gcónaí go deireadh an tsaoil.(DOC1)

### **Ag dul níos doimhne sa scéal:**

Ni mian le Dia aon rud a dhéanamh "gan muid". Is "in éineacht linn" aige i gcónaí é. Sin an fáth gurb é a chéad rud a dhéanann Íosa glaoch ar dhaoine eile a bheith in éineacht leis chun an misean aige a chur i gcríoch.

*Bhí sé ag imeacht leis cois fharraige na Gailíle nuair a chonaic sé Síomón agus Aindrias deartháir Shíomóin agus iad ag caitheamh eangaí san fharraige, mar iascairí a bhí iontu. Dúirt Íosa leo: “Tagaigí i mo dhiaidh, agus déanfaidh mé díbh iascairí ar dhaoine.” D’fhág siad na líonta láithreach agus lean siad é. (Soiscéal Mharcais 1, 16-17)*

Iad sin a leanann é, a dheisceabail, siúlann siad in éineacht leis ó bhaile go baile, ag roinnt béilí leis, ag éisteacht len briathra a bhéil, ag déanamh machnamh ar a ghníomhartha, ag saothrú leis sa lá is ag faire leis san oíche. Tá uathu ón gceol amach aithne níos fearr a chur air; méadaíonn an dúil iontu gach lá tuilleadh grá a thabhairt dó agus é a leanacht níos dlúithe.

### **Agus duine ag gabháil air féin Críost a leanúint**

Is gá a thabhairt chun cuimhne ar tharla, i leataobh ón slua, taobh ó thuaidh de chúige an Gailíle, i gceantar Caesairia Philib, áit nach gcuirfeadh éinne isteach orthu. Chuir Íosa an cheist orthu: **cé hé a deir daoine Mac an Duine?** (Maitiú 16:13). Bhí sé ag fiosrú céard a bhí á rá faoi acu sin a chuala trácht air, acu sin a tháinig le héisteacht leis, acu sin a bhí ag lorg leigheas uaidh, nó arán, nó iasc, acu sin ón Íudáia, ón tSamáir, ó na réigiúin eile idir réigiúin Iúdach is Gréigeach a tháinig á fhiosrú, céard a bhí á lorg acu? An raibh súile acu réidh le feiceáil nó cluasa réidh le choisteáil? Ar thuig siad cé a bhí ann nó an raibh siad ag leagan a mianta, a n-ábhar imní, a n-aislingí ar a ghualne le hiompar dóibh.

Agus iad siúd ar ghlaoiigh sé orthu a bheith leis ina mhisean ar aithin siad sin cé a bhí ann? An raibh siad réidh len é a leanúint go ceann scríbe? Bhí Íosa ag fiosrú cár sheas siad ina leith?

### **Maireachtáil de réir stíl bheatha Íosa (rian a chosa a leanúint)**

Íosa a leanúint, ciallaíonn sin páirt a ghlacadh sa mhisean aige agus san aisling ghrámhar atá aige don chine daonna trí na socraithe a chinnimid orthu, na briathra a labhramid is na bearta a dhéanaimid. Tá glaoite ar an deisceabal siúl cos ar chos agus gualainn le ghualainn le hÍosa ina stíl bheatha. sin stíl bheatha ina ndéantar beart de réir briathar. Gach a deir Íosa déanann agus cuireann i bhfeidhm gach a deireann. Labhrann a bhearta agus gníomhaíonn a bhriathra. Is bealach eile le labhairt ar an naofacht a rá gur chóir ar ár mbriathra is ár gníomhartha a bheith ag luí ina chéile. Glaoíonn Íosa orainn páirt a ghlacadh sa stíl bheatha aige, stíl bheatha a thugann uaidh go fial flaithiúil. Stíl bheatha tugtha go hiomlán don ghrá, atá oscailte amach



is amach do domhain is a mhaireann ann, go háirithe dóibh siúd atá ag fulaingt, caite i leataobh, nó a bhfuil aon ghaol leo séanta.

**“Ach is méanar do bhur súilese mar go bhfeiceann siad agus do bhur gcluasa mar go n-éisteann siad. Deirim libh go fírinneach, ba é ba mhian le mórán fáithe agus fíreán na nithe a fheiceáil a fheiceann sibhse agus ní fhaca siad iad, agus na nithe a chloisteáil a chluineann sibhse agus níor chuala siad iad.”** (Matha 13; 16-17) *Íosa a fheiceáil is éisteacht leis atá i gceist. Is iomai duine a chuaigh amú ar lorg Dé. Íosa amháin a nocht dúinn é. Is ann atá an slí an fhirinne agus an bheatha.*

### **Cinneadh nó socrú a dhéanamh**

*An Grá a nochtann Íosa dúinn osclaíonn sin an bheatha dúinn agus tugann orainn fás go saor, i sairse. Ach is mian len ár námhaid go mbeimis in amhras faoi grá Dé. Is mian leis a chur ina luí orainn go gaithfidh muid a bheith foirfe, gan locht, le go mbeadh grá ag Dia dúinn, chomh fada le chur ina luí orainn, gan glacadh leis na sacraimintí, gan paidir a rá, gan dul os comhair Dé mar nach mbeimis riamh maith go leor. Ba mhaith leis a chur ina luí orainn go mbraitheann Grá Dé ar ár bhfiúntas féin is gurb shin a thuileann a Ghrá. A mhalairt atá fíor, tugann Dia grá saor in aisce dúinn. -Seo é an Deá Scéal! -tugann Dia grá dúinn gan súil le rud ar bith a fháil ar ais uainne, gan aon fhiúntas dár gcuid a thuillfeadh é ach de bharr Grá dúinn, díreach mar atáimid. Ni bhíonn grásta Dé ag éileamh aisíoc, níl sí ag braith ar aon rud uainne. Ciallaíonn in aisce go litriúil gan íocaíocht. Dá mbeadh rud ar bith le fáil ag Dia ní in aisce a bheadh a ghrá dúinn.*

*Cé chomh fada is gá do Dhia a dhul le go gcrieidimis go bhfuil grá Aige dúinn is gan súil aige le rud ar bith uainn ach croí oscailte. Nach bhfuil gach rud á thabhairt aige dúinn agus É ag tabhairt a Mhac dúinn? Ná ligimis “do bhréaga an námhaid” dallamullóg a chur orainn, eisean nach bhfuil uaidh go leanaimis Íosa ar bhealach an Ghrá go deireadh.*

*Tá a fhios agam, ó mo thaithí saoil, go raibh an Tiarna dílis dom lá in ndiaidh lae i mo shaol féin, agus beidh amárach. An rud a bhraitheann ormsa ná a shocrú i mo chroí istigh É a leanúint, cuma cad a tharlaíonn, maireachtáil i dtiúin len a stíl bheathasan, a bheith mar chara Aige. Baineann neamhchinnteacht le gach socrú is cinneadh. Agus ní thagann fás gan dul i mbaol cinneadh a ghlacadh.*

*Is freagra ar ghlaoch nó ar bhronntanas an cinneadh fírinneach agus ní amhlaidh don cinneadh a ghlactar de bharr dualgas nó iallach a bheith orainn. De réir N. Iognáid is ionann grá agus comhroinnt idir beirt (Cl Spiorad. Uimh 231) agus is i bpáirt leis an gcomhroinnt seo is mar chuid de a dhéantar cinneadh fírinneach. Is féidir go leor grá is flaithiúlacht a bheith ag duine ach munar cuid de cinneadh ar son rud éigin iad, is cuma cé chomh fánach, ní bhíonn brí ar bith leo. Ar an lámh eile má ghlacann grá is fhaithiúlacht colainn de bharr cinneadh a dhéantar, tig leo an domhain a bhogadh ar a ais. Seo is brí le h-ionchollú.*

*Cinneadh a ghlacadh ar son Chríost is ionann sin is socrú a dhéanamh maireachtáil de réir an Deáscéil. **“Más áil le haon duine a bheith ar mo bhuíon, séanadh sé é féin, tógadh suas a chros agus leanadh mé.”** (Marcas, caib 8, 34)*

*Is nuair a shocráimid é a leanúint go deireadh, nuair is é mian ár gcroí a bheith in éineacht leis lá i ndiaidh lae, sin an uair a deir sé linn: **“Ní seirbhísigh a thugaim oraibh feasta, mar***

*ní heol do sheirbhíseach gnó a mháistir. Ach thug mé cairde oraibh, óir gach a gcuala ó m’Athair, chuir mé in iúl daoibh é.” (Eoin 15, 15)*

*De riéir an Scriptúir is mar seo a dhéantar “Caras Chríost” den “searbhónta”. Is ionann sin is an duine a gcuireann Íosa in iúl dó “a bhfuil cloiste aige le taobh an Athair”. Ciallaíonn sin dlúthchaidreamh, aithne, a bheith i ngar dá chroí. Chun a theacht in inmhe i ndlúchairdeas le hÍosa tugtar cuireadh dúinn a bhriathra a ithe agus bualadh leis san sacraiminti chomh maith.*

#### **CLEACHTADH.**

*Os comhair na Croise tig liom an cheist seo a chur orm féin is mo mhachnamh a dhéanamh air:*

*“Cad atá déanta agam ar son Chríost? Cad atá a dhéanamh agam ar son Chríost?  
Cad ba chomhair don a dhéanamh ar son Chríost?”*

*Tóg agus glac chugat a Thiarna,  
mo shaoirse go léir,  
mo chuimhne, mo thuiscint is mo thoil go hiomlán,  
gach a bhfuil agam is mo shealús ar fad.  
Tusa a thug dom iad agus anois bronnaim ar ais ort iad,  
mar is leat iad go léir.  
Tabhair dom do ghrá is do ghrásta,  
mar is leor sin dom.*

*N. Iognáid Loyola*

#### **6. Maireann Críost ionainn.**

*...An lá sin aithneoidh sibh go bhfuilimse i m’Athair agus go bhfuil sibhse ionamsa, agus mise ionaibh. (Eoin14:20)*

*... agus tiocfaimid chuige, agus déanfaimid cónaí mar aon leis. (Eoin 14:23).*

*...Fanaigí ionamsa, agus mise ionaibh... Faoi mar a thug an tAthair grá domsa, thug mise grá daoibhse chomh maith. Fanaigí i mo ghrá. (Eoin 15: 4 and 9).*

*...ní mise a mhaireann beo feasta ach Críost a mhaireann ionam. (Galátaigh 2:20).*

*...Nach dtuigeann sibh, a bhráithre, gur sibh teampall Dé agus go bhfuil Spiorad Dé ina chónaí ionaibh? (1 Corantaigh 3:16-17)*

*...Ach maidir libhse, maireadh agaibh an ní a chuala sibh ó thús. Má mhaireann agaibh ar chuala sibh ó thús, mairfidh sibhse freisin sa Mhac agus san Athair. (1 Eoin 2:24).*

*...go gcónóidh Críost in bhur gcroí trí chreideamh (Eifisigh 3:17)*

...Tá scáil de ghlóir an Tiarna le feiceáil inár ngnúis mar a bheadh i scáthán agus sinn ag dul i gcosúlacht leis-sean ó niamhracht go niamhracht faoi lú Spiorad an Tiarna. (2 Corantaigh 3:18)

*I ngeall ar a ghrá gan teorainn dúinn, is mian le Dia cónaí inár gcroí. D'fhág Íosa an gheallúint iontach seo ag a dheisceabail roimh bhás dó. Is mian leis maireachtáil i ngach duine dinn. Tugann Naomh Pól fianaise air seo nuair a deir sé nach é féin a thuilleadh é, ach Críost a mhaireann ann. Is í seo an fhírinne dheiridh/iomlán chuig a dtreoraíonn an Spiorad muid inár mbeatha creidimh. Tá sé ag iarraidh an Críostaí a bheith ar nós Chríost i gcorp, in anam agus i spiorad. Bímid ag tnúth leis seo agus iarraimid é le croí umhal, agus a fhios againn nach n-éireoidh linn choíche é a bhaint amach as ár stuaim féin. Creidimid gurb ionann é bheith ar nós Chríost agus beatha an Spioraid Naoimh ionainn agus san Eaglais. Pribhléid is ea an tslí a dtugtar dúinn é san Eocairist. Tugann Críost é féin dúinn trína Chorp agus a chuid Fola, ag múnlú ár gcroí lena Chroí féin le go mbeimid agus go ndéanfaimid mar É. (Doc 1).*

### **Ag dul níos doimhne sa scéal:**

Mar dhuine de dheisceabail Íosa, séard atá le déanamh agam ná maireachtáil Ann, san áit is gaire dá chroí.

### **Paidir agus Briathar Dé**

Is trí mhaireachtáil i mBriathar Íosa amháin a fhéadann sin tarlú: **“Má bhíonn grá ag duine dom coinneoidh sé mo bhriathar, agus beidh grá ag m’Athair dó, agus tiocfaimid chuige, agus déanfaimid cónaí mar aon leis.** (Eoin 14:23). Arís, dúirt sé, **“Fanaigí ionamsa, fanaigí i mo ghrá.”** Chun machnamh a dhéanamh ar A Bhriathra, chun É a fheiceáil agus chun éisteach Leis sna soiscéil, ní hé amháin gur tábhachtach a bheith chomh gar Dá Chroí agus is féidir; sa bhreis air sin, tá sé riachtanach chun bheith i gcomaoin dhomhain Leis. Mar an fhíniúin agus na craobhacha, ligimid Dó sinn a chlaochlú.

Sea, ní mór coinneáil lena Bhriathar le go n-aithneoimid lenár gcroí go hiomlán conas dul isteach ina Ghrá, agus A ghlór a aithint i lár an torainn go léir a ionsaíonn ár gcroí.

Cé mhéad ama a thugaim gach lá don urnaí, do bheith Leis agus do mhachnamh a dhéanamh ar A Bhriathar? An té a bheathaítear lena Bhriathar, a dhéanann machnamh ar na Scrioptúir, ar an mBíobla, téann an té sin isteach go hiomlán in airde, i leithead agus i ndoimhneacht A Ghrá.

### **Breith chun na beatha sa Spiorad**

Chun fanacht i gCríost agus chun go bhfanfaidh Sé ionamsa, go dtí go bhféadaim a rá in éineacht le N. Pól: **“Agus ní mise a mhaireann beo feasta ach Críost a mhaireann ionam”** (Galataigh 2:20), caithfidh mé dul isteach i mbeatha an Spioraid.

An cuimhin leo an fear sin a d’fhiafraigh d’Íosa “cad tá le déanamh agam chun go mbeinn páirteach sa Bheatha shíoraí” (Marcas 10:17-21)? Féachann Íosa go grámhar ar an bhfear seo a choimeád na haitheanta ar fad óna óige agus freagraíonn sé: **“Tá aon ní amháin in easnamh ort fós; imigh leat, díol a bhfuil agat agus tabhair an t-airgead do na boicht, agus beidh stór agat ar neamh; tar ansin agus lean mise.”** Tugann Íosa cuireadh don bhfear seo a chomhlíonann Dlí Dé, an Tóraí, go dílis, dul ó umhlaíocht don dlí go dtí an bheatha sa Spiorad. Is maith an rud é umhlaíocht do dhlí

Dé, ach ní mór dul níos faide. Tá an dlí, na haitheanta, dolúbtha. Féadaim glacadh leis gur leor cloí le fuarlitir an dlí chun an bheatha shíoraí a thuilleamh; agus táim ag dul i mbaol an iomarca féinsmachta, á cheapadh go dtuillfidh mé an bheatha shíoraí trí mo neart féin. Tugann Íosa cuireadh dom dul i bhfad níos faide. Is é a chuireadh “é a leanúint.”

Cén áit, mar sin? Ní deir Sé. Is faoina leanúint atá sé. “Séideann an ghaoth mar is áil léi. Is clos duit a glór, ach ní eol duit cad as di ná cá ngabhann sí. A dhála-san ag gach duine a ghintear ón Spiorad” (Eoin 3:8.) Is ionann Íosa a leanúint agus dul isteach i mbeatha an Spioraid. Is ionann é agus an calafort a fhágáil agus siúl isteach sa domhain, an rud a aithnítear a fhágáil ar mhaithe leis an rud nach n-aithnítear, an gluaiseacht a roghnú thar an tseasmhacht; gluaiseacht is ea an bheatha.

“Lean mise!” Cá háit? **“Níl aon áit ag Mac an Duine ina leagfaidh Sé a cheann.”** Is faoi dhul ar aistear é gan a fhios againn cá bhfuil ár dtriail. Is faoi bheith suaimhneach i láthair an Spioraid Naoimh é gan bheith ag iarraidh ár saol a rialú. Féadaim é sin a dhéanamh go muiníneach mar go bhfuair mé amach le linn mo shaoil go bhfuil Sé dílis. Is ionann bheith i mo dheisceabal de chuid Íosa Críost agus ligean dom féin treoir a ghlacadh ón Spiorad chun a aithint i gcónaí, i gcomhthéacsanna éagsúla, conas bheith dílis don Soiscéal.

Déanta na fírinne, mar a deir Íosa le Níocodaemas (Eoin 3): is éard atá i gceist “go nginí duine athuair” **“a ghiniúint arís ó lastuas.”** Fear Tóra é Níocodaemas. Is eol dó eagna an dlí, ach in ainneoin a shaineolais, tá sé sa dorchadas. Mar, le bheith páirteach i Ríocht Dé, le bheith páirteach sa Domhan Nua, **ní deasghnátha ná eolas atá i gceist, ach giniúint.** Ní leor an tsuáilce seo nó siúd a chleachtadh, ná fiú an Dlí agus na haitheanta a chomhlíonadh, chun an bheatha spioradálta a bhaint amach go hiomlán; thairis sin, ní mór dul i dtaithí ar ár mbeatha inmheánach, agus foghlaim, beagán ar bheagán le brí a bhaint aisti le go mbeimid umhal don Spiorad Naomh.

Chun é seo a dhéanamh, ní mór éisteacht. Is minic a mhairimid ar an dromchla, i ngníomhartha, in aicsean, i síorchorraíl, sa chabaire laistigh, ach ní éistimid lena bhfuil ag tarlú laistigh. Is eol dúinn go labhraíonn an Spiorad Naomh linn trí mhacalla mothálach na n-imeachtaí agus na ndlúth-theagmhálacha a tharlaíonn le linn ár saoil. Cruthaíonn gach a dtarlaíonn dúinn rud éigin ionainn: síocháin, áthas, brón, uaigneas; díreach ar nós an fhir shaibhir a “tháinig ar ais go fíorbhrónach” tar éis cuireadh Íosa a chloisteáil. Is in imeachtaí an tsaoil is mian leis an Spiorad labhairt linn agus is maith uainn iad a aithint.

Foghlaimíonn an té a mhaireann i saol an Spioraid le glacadh leis na gluaiseachtaí inmheánacha seo; fásann a thaithí ar a bheatha inmheánach agus éiríonn leis, de réir a chéile, brí a bhaint as glór an té ar mian leis labhairt linn, é a aithint agus a thuiscint.

Deirtear faoi Naomh Iognáid “go leanadh sé an Spiorad, nach dtéadh sé chun cinn, gan a fhios aige cá raibh a thriail...lean sé É le cúram ainbhiosach, ag tabhairt a chroí do Chríost go simplí.”

Treoraíonn an Spiorad Naomh muid chomh gar agus is féidir do Chroí Íosa.

**Níos gaire do Chroí Íosa**

Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn a aithint cad is ea an Grá dáiríre: grá dár naimhde agus maithiúnas dá gcionta. **Treoraíonn an Grá sinn go domhain Chroí Íosa.** Is é an Grá a léirmhíneoir. I gCros Chríost a fheicimid an léiriú is airde ar an bhfuilleach grá sin. “Os comhair na Croise, ba chóir dúinn ligean dúinn féin ár gclaohlú trí chumhacht an ghrá a léirítear sa bhás deonach sin agus sa phardún a thugtar do na céastúnaigh. Is ón mbeart baothghrá sin ba chóir dúinn an neart a fháil chun éilimh an Spioraid inár saol a leanúint” (Michel Rondet, S.J. Laissez-vous guidez par l’*esprit*, Ed. Bayard)

“Ní timpiste é gurb é Croí Íosa, a goineadh chun muid a shlánú, siombail an ghrá. Dúirt Naomh Pól, tar éis a iompú iontach: **“Mac Dé a thug suas É féin ar mo shon le neart grá dom”** (Galataigh 2:20) – Dany Dideberg (Le Coeur de Jésus, source de vie.) Is é an croí siombail an ghrá par excellence.

“Ní féidir le haon duine fíoraithne a chur ar Íosa gan dul Trína Chroí, is é sin, isteach sa chuid is doimhne Dá phearsa dhiaga agus dhaonna.” **N. Eoin Pól II** (Bealtaine 15, 2004)

“Ní féidir a bheith inár gCríostaithe dáiríre, ach trí fhéachaint gan staonadh ar Chros ar Slánaitheora, “ar an té sin a pholl siad.” Beinidict XVI (Bealtaine 15, 2006)

“Ní hé amháin go ndéanann Croí an Aoire Mhaith trócaire orainn ach gurb é an trócaire ann féin é. Is ansin a lonraíonn grá an Athar; is ansin is eol dom go bhfuil fáilte romham agus go dtuigtear mé mar atáim; is ansin a aithním go cinnte, le mo pheacaí uile agus mo lochtanna uile, gur toghadh mé agus go ngráitear mé. Ag machnamh dom ar an gcroí sin, athnuaim mo chéadghrá: cuimhne an ama sin ar theagmhaigh an Tiarna le m’anam agus ar ghlaoi sé ag iarraidh orm é a leanúint, cuimhne an áthais nuair a chuireamar líonta ár saoil ar fharraige a fhocail. (cf. Lúcas 5:5).” **An Pápa Proinsias (Meitheamh 3, 2016).**

Ba é an deisceabal ionmhain, an té ab fhearr aithne ar Chroí Íosa, a luigh Lena ais (Eoin 13:23), ba eisean an chéad duine a d’aithin Íosa aiséirithe ar bhruach Loch Gailíle (Eoin 21:7). Dá ghaire duine do chroí Íosa, is ea is mó a fheicfidh sé A áthas agus A fhulaingt ar son fhir, mhná agus leanaí an domhain seo; agus aithneoidh sé go bhfuil Sé i láthair inniu, mar a bhí inné, ag obair anseo ar domhan.

“Cá bhfuil Dia?” Cá bhfuil Dia, agus an t-olc i láthair ar ár ndomhan, fir agus mná ann a bhfuil ocras agus tart orthu, gan dídean, deoraithe agus teifigh? Cá bhfuil Dia, agus daoine neamhurchóideacha ag fáil bháis de bharr foréigin, sceimhlitheoireachta agus cogaidh? Cá bhfuil Dia nuair a bhriseann galair mharfacha ceangail na beatha agus an cheana? Nó nuair a dhéantar leanaí a dhúshaothrú agus a dhíspeagadh, agus nuair a fhulaingíonn siadsan freisin breoiteacht thromchúiseach? Cá bhfuil Dia, agus daoine cráite ag an amhras agus suaite ina spiorad .....? Agus is é seo freagra Íosa: ‘Tá Dia istigh iontu.’ Tá Íosa istigh iontu . Fulaingíonn Sé iontu agus aithníonn Sé gach duine díobh go domhain. Tá Sé aontaithe chomh dlúth leo, go gcruthaítear, mar bheadh ‘aon chorp amháin’ díobh’”. **An Pápa Proinsias (Iúil 29, 2016)**

Dá ghaire muid do Chroí Íosa, is ea is mó ár suim ina bhfuil thart orainn, agus muid ag iarraidh muid féin a thiomnú d’Íosa sa saol seo, mar sheirbhísigh a mhisin.

### **Cleachtadh**

Os comhair chroí Íosa, fiafraím díom féin: “Cá bhfuil mo chroí ag dul? Céard é mian mo chroí, cén treo a bhfuil sé ag dul? Cén stór atá sé a lorg? Deir Íosa: **“Óir san áit a mbíonn do stór, is ann a bheidh do chroí freisin”** (Matha 6:21). An Pápa Proinsias, Meitheamh 3, 2016